BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Seachtú Dlísheomra)

16 Iúil 2025 *

(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh Iceland – Dearbhfhoras neamhbhailíochta – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois))

I gCás T-106/23,

Iceland Foods Ltd, atá bunaithe in Deeside (an Ríocht Aontaithe), dá ndéanann G. Vos, Dlíodóir, ionadaíocht,

iarratasóir,

le tacaíocht ó

International Trademark Association (INTA), atá bunaithe i Nua Eabhrac (na Stáit Aontaithe), dá ndéanann N. Parrotta, M. Perraki agus A. Lubberger, Dlíodóirí, ionadaíocht,

idiragraí,

v

Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), dá ndéanann V. Ruzek, i gcáil Gníomhaire, ionadaíocht,

cosantóir,

an páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta,

Icelandic Trademark Holding ehf, atá bunaithe i Réicivíc (an Íoslainn), dá ndéanann A. von Mühlendahl agus H. Hartwig, Dlíodóirí, ionadaíocht,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Seachtú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Kowalik-Bańczyk, Uachtarán, E. Buttigieg agus I. Dimitrakopoulos (Rapóirtéir), Breithiúna,

Cláraitheoir: G. Mitrev, Riarthóir,

* Teanga an cháis: an Béarla.

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht an 16 Deireadh Fómhair 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, Iceland Foods Ltd, go gcuirfí an cinneadh ó Ard-Bhord Achomhairc Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 15 Nollaig 2022 (Cás R 1613/2019-G) ('an cinneadh atá faoi chonspóid') ar neamhní.

Cúlra na díospóide

2 An 23 Eanáir 2018, rinne Icelandic Trademark Holding ehf iarratas le EUIPO ar dhearbhú neamhbhailíochta an trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh, a cláraíodh i ndiaidh an iarratais arna thaisceadh an 12 Feabhra 2013 ag an iarratasóir maidir leis an gcomhartha fíortha a atáirgtear thíos:



3 Tháinig na hearraí agus na seirbhísí a chumhdaítear leis an marc atá faoi chonspóid, ar iarradh dearbhú neamhbhailíochta ina leith, faoi Aicmí 29, 30 agus 35 de Chomhaontú Nice a bhaineann le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha an Chláraithe Marcanna an 15 Meitheamh 1957, arna athbhreithniú agus arna leasú, agus freagraíonn siad, i gcás gach ceann de na hAicmí sin, don tuairisc seo a leanas:

– Aicme 29: 'Feoil, éineoil agus géim; úisc feola, torthaí nó glasraí; torthaí agus glasraí leasaithe, triomaithe agus cócaráilte; úisc torthaí agus/nó glasraí; táirgí feola; ispíní; glóthacha, subha, compóit, subha torthaí, subha glasraí; milseoga in Aicme 29; uibheacha, bainne; táirgí déiríochta; iógart; olaí agus saillte inite; cnónna agus im cnónna; picilí, tófú; leatháin; anraithí; leafaois chnónna; bia reoite in Aicme 29; criospaí agus táirgí prátaí (le haghaidh bia); béilí réamhullmhaithe agus a gcomhábhair; sneaiceanna; nach bhfuil aon cheann de na hearraí thuasluaite déanta go hiomlán nó go formhór le héisc';

– Aicme 30: 'Caife, tae, cócó, siúcra, rís, taipióca, ság, cúscús, ionadach caife, úscraí caife, úisc chaife, meascáin chaife agus siocaire; seacláid; táirgí seacláide; plúr agus ullmhóidí atá déanta as gránaigh agus/nó rís agus/nó plúr; arán, brioscaí, cácaí, cístí, milseogra, reoiteoga; mil, triacla; molás, síoróipí; giosta, púdar bácála; salann, mustard; fínéagar, piobar, anlainn, citseap, anlainn sailéid; spíosraí; seatnaí; oighear úr; uachtar reoite, líreacán reoite, milseogra reoite; táirgí chun uachtar reoite agus/nó líreacán reoite agus/nó milseogra reoite a ullmhú; gránaigh bhricfeasta; píotsaí, pasta agus táirgí pasta; púdar custaird; múis; maróga; pióga feola; maonáis; táirgí chun feoil a mhaothú le haghaidh úsáid tís; glóthach ríoga le haghaidh úsáid bia (ní le

haghaidh úsáid leighis); milseoirí nádúrtha; béilí réamhullmhaithe agus a gcomhábhair, sneaiceanna, iad uile san áireamh in Aicme 30; bia reoite in Aicme 30; luibheanna';

– Aicme 35: 'Seirbhísí miondíola, seirbhísí siopa miondíola, seirbhísí miondíola postdíola, seirbhísí miondíola leictreonacha nó ar líne, seirbhísí ollmhargaidh agus hipearmhargaidh a bhaineann le díol feola, éineola, géim, úisc torthaí agus glasraí, torthaí agus glasraí leasaithe, triomaithe agus cócaráilte, úisc torthaí agus/nó glasraí, táirgí feola, ispíní, glóthacha, subha, subha torthaí, subha glasraí, compóit, milseoga, uibheacha, bainne, táirgí déiríochta, iógart, próitéiní inite a dhíorthaítear ó shoighe, olaí agus saillte inite, cnónna agus im cnónna, picilí, luibheanna, tófú, leatháin, anraithí, leafaois cnónna, bianna reoite, criospaí agus táirgí prátaí (le haghaidh bia), béilí réamhullmhaithe agus a gcomhábhair, sneaiceanna, caife, tae, cócó, siúcra, rís, taipióca, ság, cúscús, ionadach caife, úscraí caife, úisc chaife, meascáin chaife agus siocaire, seacláid, táirgí seacláide, plúr agus ullmhóidí atá déanta as gránaigh agus/nó rís agus/nó plúr, arán, brioscaí, cácaí, cístí, milseogra, oighir inite, mil, molás, síoróip, giosta, púdar bácála, salann, mustard, fínéagar, piobar, anlainn, citseap, anlainn sailéid, spíosraí, seatnaí, oighear úr, uachtar reoite, líreacán reoite, milseogra reoite, ullmhóidí chun uachtar reoite agus/nó líreacán reoite agus/nó milseogra reoite a ullmhú, gránaigh bhricfeasta, píotsaí, pasta agus táirgí pasta, púdar custaird, múis, maróga, leafaois feola, maonáis, maothóirí feola le haghaidh úsáid tís, glóthach ríoga le haghaidh úsáid bia (seachas le haghaidh úsáid leighis), milseoirí nádúrtha; seirbhísí fógraíochta; seirbhísí margaíochta agus cur chun cinn; eagrú, oibriú agus maoirseacht ar chláir dhílseachta custaiméirí, ar chláir dreasachta agus cur chun cinn díolacháin; seirbhísí faisnéise, comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann leis na réimsí thuasluaite go léir'.

4 Ba iad na forais neamhbhailíochta a rabhtar ag brath orthu chun tacú leis an iarratas ar dhearbhú neamhbhailíochta, go bunúsach, na forais dá dtagraítear in Airteagal 52(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh (IO 2009 L 78, lch. 1), arna leasú, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(1)(b), (c) agus (g) den Rialachán sin (Airteagal 59(1)(a) agus Airteagal 7(1)(b), (c) agus (g) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh (IO 2017 L 154, lch. 1) faoi seach, anois).

5 An 27 Bealtaine 2019, sheas an Rannán Cealúcháin leis an iarratas ar dhearbhú neamhbhailíochta i leith na n-earraí agus na seirbhísí uile dá dtagraítear i mír 3 thuas.

6 An 24 Iúil 2019, thaisc an t-iarratasóir achomharc le EUIPO i gcoinne chinneadh an Rannáin Cealúcháin.

7 Le linn na n-imeachtaí os comhair an Ard-Bhoird Achomhairc, d'ardaigh Icelandic Trademark Holding foras neamhbhailíochta sa bhreis orthu siúd a cuireadh faoi bhráid na Rannóige Cealúcháin, bunaithe, go bunúsach, ar chur i bhfeidhm fhorálacha comhcheangailte Airteagal 52(1)(a) agus Airteagal 7(1)(f) de Rialachán Uimh. 207/2009 (Airteagal 7(1)(f) de Rialachán 2017/1001 anois).

8 Leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, rinne an tArd-Bhord Achomhairc an t-achomharc a dhíbhe. Go bunúsach, ar an gcéad dul síos, chinn sí go raibh an t-iarratas ar dhearbhú neamhbhailíochta an mhairc atá faoi chonspóid, bunaithe ar Airteagal 7(1)(f) de Rialachán Uimh. 207/2009, do-ghlactha toisc gur tugadh isteach go déanach é ag céim an achomhairc.

9 Ar an dara dul síos, ar thaobh amháin, chinn an tArd-Bhord Achomhairc gur mheas an pobal ábhartha, eadhon an pobal i gcoitinne a labhraíonn Béarla san Aontas Eorpach, gur léiriú é an marc atá faoi chonspóid gur tháinig na hearraí agus na seirbhísí a ainmnítear leis an marc sin ón Íoslainn. Chuir sí in iúl freisin, nár athraíodh an dearcadh sin le heilimintí fíortha an mhairc atá faoi chonspóid mar gheall ar a ghné mhaisiúil. Dá bhrí sin, chinn sí gur cláraíodh an marc sin de shárú ar Airteagal 7(1)(c) de Rialachán Uimh. 207/2009.

10 Ar an taobh eile, mheabhraigh an tArd-Bhord Achomhairc, go bunúsach, gur leor ceann de na dearbhfhorais le diúltú ionas nach bhféadfaí an comhartha atá i gceist a chlárú mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh. In aon chás, dá ndéanfaí scrúdú ar an marc sin i bhfianaise fhorálacha Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009, níor mhór a mheas nach bhfuil aon saintréith ag roinnt leis.

An t-ordú atá á lorg

11 Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

– an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– an cás a tharchur ar ais chuig an Rannán Cealúcháin chun ionchúiseamh breise a dhéanamh air;

– a ordú do EUIPO costais na caingne seo a íoc agus do Icelandic Trademark Holding costais na n-imeachtaí os comhair an Rannáin Cealúcháin agus an Ard-Bhoird Achomhairc a íoc.

12 Iarrann EUIPO ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhíbhe;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc i gcás ina dtionólfar éisteacht.

13 Iarrann Icelandic Trademark Holding ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhíbhe;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

14 Iarrann International Trademark Association (INTA) ar an gCúirt Ghinearálta:

– an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– a ordú dó a chostais féin a íoc.

An dlí lena mbaineann

15 Maíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, dhá shaincheist dlí lena n-éilítear, ar an gcéad dul síos, sárú ar Airteagal 7(1)(c) de Rialachán Uimh. 207/2009 agus, ar an dara dul síos, sárú ar Airteagal 7(1)(b) den Rialachán sin.

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 7(1)(c) de Rialachán Uimh. 207/2009

16 Mheas an tArd-Bhord Achomhairc, go bunúsach, go raibh an marc atá faoi chonspóid, don phobal ábhartha, tuairisciúil ar thionscnamh geografach na n-earraí agus na seirbhísí a chumhdaigh sé nó ar a saintréithe i bhfianaise, go háirithe, an aitheantais an-ard atá ar an ainm geografach 'an Íoslainn' agus do shaintréithe na tíre sin i dtéarmaí an dúlra, na héiceolaíochta, an fhuinnimh in-athnuaite, an rathúnais eacnamaíoch, lucht saothair oilte agus a bhaineann lena tionscal agus lena honnmhairí iarbhír. Fágann na heilimintí sin go bhféadfaí teacht ar an gconclúid, don phobal ábhartha, gur tír í an Íoslainn a bhí in ann go leor cineálacha éagsúla earraí a tháirgeadh agus raon leathan seirbhísí a sholáthar. Dá bhrí sin, dar leis an Ard-Bhord Achomhairc, bhunaigh an pobal ábhartha nasc idir na hearraí agus na seirbhísí atá i gceist agus an marc atá faoi chonspóid mar léiriú ar a dtionscnamh geografach nó ar shaintréithe áirithe dá cuid a bhaineann go sonrach leis an tionscnamh geografach sin.

17 Áitíonn an t-iarratasóir agus INTA gur sháraigh an tArd-Bhord Achomhairc Airteagal 7(1)(c) de Rialachán Uimh. 207/2009. Cuireann siad i gcoinne mheasúnaithe an Ard-Bhoird Achomhairc agus, dá bhrí sin, na conclúide maidir le cineál tuairisciúil an mhairc atá faoi chonspóid i leith na n-earraí agus na seirbhísí go léir atá i gceist.

18 Go sonrach, measann an t-iarratasóir, in ainneoin easpa reachtaíochta uile-Aontais lena dtoirmisctear ainmneacha tíortha a chlárú mar thrádmharcanna, d'fhorchuir an tArd-Bhord Achomhairc, mar sin féin, toirmeasc den sórt sin sa chinneadh atá faoi chonspóid. I ndáil leis sin, bhraith sé, de réir an iarratasóra, ar chritéir neamhchinntitheacha, amhail aitheantas an phobail ábhartha ar an ainm geografach 'Iceland' nó ar shaintréithe míchruinne agus neamh-chomhthacaithe na háite sin agus, in aon chás, neamhábhartha. Ina theannta sin, níor chuir sé san áireamh imscrúduithe áirithe a chuir an t-iarratasóir isteach. Ar deireadh, cáineann an t-iarratasóir an tArd-Bhord Achomhairc as ucht a chinneadh go hearráideach nach raibh i gceist le heilimintí fíortha an mhairc atá faoi chonspóid ach an ghné focail a thabhairt chun suntais. Fiú dá measfaí go bhfuil an focalmharc 'Iceland' tuairisciúil de réir bhrí Airteagal 7(1)(c) de Rialachán Uimh. 207/2009, a chuireann an t-iarratasóir i gcoinne, cuireann eilimintí fíortha na tíopagrafaíochta sainiúla i gcomhar le cúlra dearg agus buí an mhairc atá faoi chonspóid cosc, os a choinne sin, ar é a mheas a bheith tuairisciúil.

19 Cuireann EUIPO agus Icelandic Trademark Holding i gcoinne argóintí an iarratasóra agus INTA.

20 I ndáil leis sin, is léir ón gcásdlí, faoi Airteagal 52(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009, go ndearbhófar trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh a bheith neamhbhailí, ar iarratas chuig EUIPO nó ar bhonn frithéileamh in imeachtaí um shárú, i gcás inar cláraíodh an marc sin de shárú ar fhorálacha Airteagal 7 den Rialachán sin.

21 De réir Airteagal 7(1)(c) de Rialachán Uimh. 207/2009, ní chlárófar na trádmharcanna nach bhfuil iontu ach comharthaí nó sonrúcháin a fhéadfaidh feidhmiú, sa trádáil, chun cineál, cáilíocht, cainníocht, cuspóir beartaithe, luach, tionscnamh geografach nó am táirgeachta na n-earraí nó sholáthar na seirbhíse, nó tréithe eile na n-earraí nó seirbhísí, a ainmniú. De bhun Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 207/2009 (Airteagal 7(2) de Rialachán 2017/1001 anois), beidh feidhm ag Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 207/2009 fiú mura bhfuil na forais don neamhchlárú ann ach i gcuid den Aontas.

22 Measter nach bhfuil na comharthaí nó na sonrúcháin sin in ann feidhm bhunriachtanach an trádmhairc a chomhlíonadh, eadhon foinse tráchtála na n-earraí nó na seirbhísí a aithint (breithiúnais an 23 Deireadh Fómhair 2003, *OHIM* v *Wrigley*, C-191/01 P, EU:C:2003:579, mír 30, agus an 27 Feabhra 2002, *Eurocool Logistik* v *OHIM (EUROCOOL)*, T-34/00, EU:T:2002:41, mír 37).

23 Chun go dtiocfaidh comhartha faoi raon feidhme an toirmisc a leagtar síos in Airteagal 7(1)(c) de Rialachán Uimh. 207/2009, ní mór gaol díreach agus sonrach go leor a bheith aige leis na hearraí nó na seirbhísí atá i gceist chun a chur ar chumas an phobail ábhartha cur síos ar na hearraí agus ar na seirbhísí atá i gceist nó ceann dá saintréithe a bhrath láithreach, gan tuilleadh machnaimh a dhéanamh (féach breithiúnais an 12 Eanáir 2005, *Deutsche Post EURO EXPRESS* v *OHIM (EUROPREMIUM)*, T-334/03, EU:T:2005:4, mír 25 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 22 Meitheamh 2005, *Metso Paper Automation* v *OHIM (PAPERLAB)*, T-19/04, EU:T:2005:247, mír 25 agus an cásdlí dá dtagraítear).

24 Thairis sin, cé nach bhfuil sé ábhartha an bhfuil saintréith den sórt sin riachtanach nó coimhdeach ó thaobh na tráchtála de, ní mór saintréith, de réir bhrí Airteagal 7(1)(c) de Rialachán Uimh. 207/2009, a bheith oibiachtúil agus ina dlúthchuid de chineál an táirge nó na seirbhíse agus ina saintréith intreach agus bhuan don táirge nó don tseirbhís sin (féach breithiúnas an 7 Bealtaine 2019, *Fissler* v *EUIPO (vita)*, T-423/18, EU:T:2019:291, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

25 Go sonrach, maidir le comharthaí nó sonrúcháin a fhéadfaidh feidhmiú chun tionscnamh geografach nó cuspóir beartaithe catagóirí earraí nó áit soláthair na gcatagóirí seirbhísí a bhfuil iarratas á dhéanamh ar thrádmharc de chuid Aontais Eorpaigh ina leith a ainmniú, go háirithe ainmneacha geografacha, tá leas ginearálta ann i gcaomhnú a n-infhaighteachta mar gheall, go háirithe, ar a gcumas ní hamháin cáilíocht agus saintréithe eile na gcatagóirí earraí nó seirbhísí lena mbaineann a nochtadh, ach freisin tionchar éagsúil a imirt ar roghanna tomhaltóirí, mar shampla trí na hearraí nó na seirbhísí a nascadh le háit a d'fhéadfadh mothúcháin dhearfacha a chruthú (breithiúnas an 6 Meán Fómhair 2018, *Bundesverband Souvenir – Geschenke – Ehrenpreise* v *EUIPO*, C-488/16 P, EU:C:2018:673, mír 37; féach freisin, de réir analaí, breithiúnas an 4 Bealtaine 1999, *Windsurfing Chiemsee*, C-108/97 agus C-109/97, EU:C:1999:230, mír 26).

26 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go n-eisiatar, sa chéad áit, clárú ainmneacha geografacha mar thrádmharcanna i gcás ina n-ainmníonn siad áiteanna geografacha sonracha atá cáiliúil nó aitheanta cheana féin don chatagóir earraí nó seirbhísí lena mbaineann agus, dá bhrí sin, atá nasctha leis an gcatagóir earraí nó seirbhísí sin i súile na haicme daoine ábhartha agus, sa dara háit, clárú ainmneacha geografacha a d'fhéadfadh gnóthais iad a úsáid agus nach mór iad a fhágáil ar fáil dóibh freisin mar léiriú ar thionscnamh geografach na catagóire earraí nó seirbhísí lena mbaineann (féach, de réir analaí, breithiúnas an 4 Bealtaine 1999, *Windsurfing Chiemsee*, C-108/97 agus C-109/97, EU:C:1999:230, míreanna 29, 30 agus 37).

27 Dá réir sin, ní fhéadfar clárú comhartha a dhiúltú ar bhonn Airteagal 7(1)(c) de Rialachán Uimh. 207/2009 ach amháin má ainmnítear leis an ainm geografach a n-iarrtar an clárú mar thrádmharc ina leith, áit atá, tráth an iarratais, nasctha leis an gcatagóir earraí agus seirbhísí lena mbaineann, i súile na haicme ábhartha daoine, nó má tá sé réasúnta glacadh leis go bhféadfar nasc den sórt sin a bhunú amach anseo (breithiúnas an 6 Meán Fómhair 2018, *Bundesverband Souvenir – Geschenke – Ehrenpreise* v *EUIPO*, C-488/16 P, EU:C:2018:673, mír 38; féach freisin, de réir analaí, breithiúnas an 4 Bealtaine 1999, *Windsurfing Chiemsee*, C-108/97 agus C-109/97, EU:C:1999:230, mír 31).

28 Fiú má tá aithne ag an bpobal ábhartha ar an áit gheografach, ní leanann sé go huathoibríoch go bhféadfadh an comhartha feidhmiú, sa trádáil, mar léiriú ar thionscnamh geografach. Chun scrúdú a dhéanamh an gcomhlíontar na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm an fhorais chun clárú atá i gceist a dhiúltú, ní mór na himthosca ábhartha go léir a chur san áireamh, amhail cineál na n-earraí nó na seirbhísí a ainmnítear, clú is mó nó is lú, go háirithe san earnáil eacnamaíoch atá i gceist, na háite geografaí atá i gceist agus aitheantas níos mó nó níos lú an phobail ábhartha air, custaim an bhrainse gníomhaíochta lena mbaineann agus an cheist maidir lena mhéid a d'fhéadfadh tionscnamh geografach na n-earraí nó na seirbhísí atá i gceist a bheith ábhartha, i súile na haicme ábhartha daoine, chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht nó ar shaintréithe eile na n-earraí nó na seirbhísí lena mbaineann (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2005, *Peek & Cloppenburg* v *OHIM (Cloppenburg)*, T-379/03, EU:T:2005:373, mír 49).

29 Thairis sin, in imeachtaí neamhbhailíochta atá bunaithe ar dhearbhfhoras le diúltú, ós rud é go nglactar leis go bhfuil an trádmharc cláraithe de chuid Aontais Eorpaigh bailí, is faoin duine a thaisc an t-iarratas ar dhearbhú neamhbhailíochta os comhair EUIPO na fíorais shonracha a tharraingíonn amhras ar a bhailíocht a agairt (breithiúnas an 13 Meán Fómhair 2013, *Fürstlich Castell'sches Domänenamt* v *OHIM – Castel Frères (CASTEL)*, T-320/10, EU:T:2013:424, mír 28).

30 Sa chás seo, ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara nach gcuireann an t-iarratasóir i gcoinne an tsainmhínithe ar an bpobal ábhartha, arna ghlacadh ag an Ard-Bhord Achomhairc i míreanna 89 go 93 den chinneadh atá faoi chonspóid, ar dá réir a bhí an pobal sin comhdhéanta den phobal i gcoitinne a labhraíonn Béarla san Aontas Eorpach ar dháta an iarratais ar chlárú an mhairc atá faoi chonspóid an 12 Feabhra 2013, a bhí lonnaithe i gcríocha na Cipire, na Fionlainne, na hÉireann, Mhálta, na hÍsiltíre, na dtíortha Lochlannacha, lena n-áirítear an Danmhairg, agus na Ríochta Aontaithe.

31 Ar an dara dul síos, sa chinneadh atá faoi chonspóid, mheas an tArd-Bhord Achomhairc, go bunúsach, gur thig cuid shuntasach den phobal ábhartha an focal 'Iceland' mar ainm tíre atá mar chuid, *inter alia*, den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE).

32 I ndáil leis sin, sa chéad áit, ba cheart a thabhairt faoi deara go n-ainmnítear leis an marc atá faoi chonspóid ainm tíre, ó thaobh geografach de, lonnaithe san Eoraip, comhdhéanta de chríoch atá sách tearc i ndaonra agus de limistéar atá níos mó ná limistéar roinnt Ballstát den Aontas Eorpach agus LEE.

33 Sa dara háit, ní mór a mheas, murab ionann agus an méid a mhaíonn an t-iarratasóir, nár bhain an tArd-Bhord Achomhairc úsáid as aitheantas na hÍoslainne mar chritéar cinntitheach sa mheasúnú ar chineál tuairisciúil an mhairc atá i gceist. Dhearbhaigh sé go soiléir, i mír 121 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur ghá sa mheasúnú ar chineál tuairisciúil an mhairc sin tosca ábhartha eile a chur san áireamh freisin, amhail aitheantas ar shaintréithe na háite arna hainmniú leis an ainm geografach sin agus an nasc idir na catagóirí earraí agus seirbhísí agus an marc atá faoi chonspóid.

34 Ar an tríú dul síos, sa chinneadh atá faoi chonspóid, thug an tArd-Bhord Achomhairc saintréithe éagsúla na hÍoslainne faoi deara, rud a d'fhág, dar leis, gurbh fhéidir a chinneadh gur tír í an Íoslainn a bhí in ann go leor cineálacha éagsúla earraí a tháirgeadh agus raon leathan seirbhísí a sholáthar.

35 I ndáil leis sin, sa chéad áit, ba cheart a mheabhrú go gcuireann an t-iarratasóir i gcoinne gur fíric aitheanta í go bhfuil an Íoslainn ar cheann de na tíortha is neamhdhíobhálaí don chomhshaol ar domhan, measúnú an Ard-Bhoird Achomhairc ar chaidreamh tábhachtach tráchtála na hÍoslainne le Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus aicmiú thionscal turasóireachta na hÍoslainne mar thionscal 'ag dul ó neart go neart'. Rinne an tArd-Bhord Achomhairc earráid nuair a chinn sé gurbh í an Danmhairg seachas an Ísiltír an ceann scríbe ba choitianta le haghaidh onnmhairí earraí ón Íoslainn agus rinne sé earráid nuair a chinn sé gur sholáthair an Íoslainn réimse réasúnta leathan earraí agus seirbhísí.

36 Mar sin féin, ní mór a lua nár chuir an t-iarratasóir aon argóint ná fianaise shonrach ar aghaidh chun amhras a chaitheamh ar ábharthacht mheasúnuithe an Ard-Bhoird Achomhairc. Dá bhrí sin, ní mór a mheas nach féidir amhras a chaitheamh ar mheasúnú na saintréithe sin a bhaineann leis an Íoslainn le hargóintí ginearálta agus gan bunús an iarratasóra. Ina theannta sin, sa chéad áit, féadfar a dheimhniú leis an anailís ar an bhfianaise ar a bhrath an tArd-Bhord Achomhairc sa chinneadh atá faoi chonspóid go suitear léi, de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá, gur tír í an Íoslainn atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, a rannchuidigh freisin le ceann scríbe turasóireachta cáiliúil a dhéanamh di (féach míreanna 108, 109, 125, 126 agus 146 den chinneadh atá faoi chonspóid, a bhaineann le faisnéis chomhsheasmhach ó *Collins Dictionary* agus ó *Encyclopedia Britannica*, agus, go háirithe, an suirbhé a rinne Íslandsstofa (Promote Iceland) in 2015 sa Danmhairg, sa Fhrainc, sa Ghearmáin agus sa Ríocht Aontaithe maidir leis an tuiscint atá ag turasóirí ar an Íoslainn, nó na sonraí ón doiciméad *Tourism in Iceland in Figures, May 2016* (Turasóireacht san Íoslainn i bhfigiúirí, Bealtaine 2016)). Sa dara háit, is léir ón bhfianaise sin gur thairg an Íoslainn réimse leathan earraí agus seirbhísí agus, i ndáil leis na hearraí agus na seirbhísí sin, caidreamh tábhachtach tráchtála á choinneáil aici le tíortha LEE (féach, go háirithe, mír 127 den chinneadh atá faoi chonspóid, a thagraíonn do Bhliainleabhar Staidrimh na hÍoslainne 2015, agus don ráiteas ó Uachtarán na Roinne Trádála Eachtraí d'Oifig Staidrimh na hÍoslainne an 27 Eanáir 2016 maidir le honnmhairí na hÍoslainne chuig an Aontas Eorpach le linn na tréimhse ó 1999 go 2014). Thairis sin, léiríonn na gnéithe sin gur fhan an caidreamh tráchtála sin cobhsaí, nó fiú gur tháinig méadú beag orthu, tar éis dháta an iarratais ar chlárú an mhairc atá faoi chonspóid an 12 Feabhra 2013.

37 Sa dara háit, maidir le díospóidí an iarratasóra agus INTA i ndáil le hábharthacht shaintréithe na hÍoslainne a chuirtear san áireamh sa chinneadh atá faoi chonspóid chun measúnú a dhéanamh ar an nasc idir an tír sin agus na hearraí agus na seirbhísí a ainmnítear leis an marc atá faoi chonspóid, is léir ón gcásdlí dá dtagraítear i míreanna 26 agus 27 thuas go bhfuil na marcanna de chineál tuairisciúil nuair a ainmníonn siad áiteanna geografacha sonracha atá cáiliúil nó aitheanta cheana féin don chatagóir earraí agus seirbhísí lena mbaineann, ach freisin na háiteanna sin a bhfuil sé réasúnta a bheartú, sa todhchaí, go n-úsáidfidh gnóthais iad mar léiriú ar thionscnamh geografach na catagóire earraí nó seirbhísí lena mbaineann.

38 Is léir ón méid sin roimhe seo go bhfuil an t-iarratasóir mícheart a mhaoímh gur ghá, sa chás seo, measúnú a dhéanamh ar an 'gclú' a bhí ag an Íoslainn i measc an phobail ábhartha, nó a d'fhéadfadh a bheith aici sa todhchaí, maidir leis na hearraí agus na seirbhísí a ainmnítear leis an marc atá faoi chonspóid. Mar is léir ón gcásdlí dá dtagraítear i mír 28 thuas, is iomchuí sraith imthosca a chur san áireamh, mar a bhí an 12 Feabhra 2013, agus é a dhéanamh i dtuairim ionchasach, ós rud é nach bhfuil na himthosca sin teoranta do cheist an chlú amháin. Ina theannta sin, tá saintréithe éagsúla na hÍoslainne, arna gcur san áireamh ag an Ard-Bhord Achomhairc, tábhachtach chun críocha cinneadh a dhéanamh ar an méid a d'fhéadfaí go mbeidh tionscnamh

geografach na n-earraí nó na seirbhísí atá i gceist ábhartha, i súile na haicme ábhartha daoine, chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht nó ar shaintréithe eile na n-earraí nó na seirbhísí lena mbaineann.

39 Ar na cúiseanna céanna sin, níl údar leis an iarratasóir an tArd-Bhord Achomhairc á cháineadh as rathúnas eacnamaíoch a chur san áireamh, lena n-áirítear an measúnú ar olltáirgeacht intíre (OTI), ar lucht saothair oilte nó ar thionscail éagsúla a bheith ann, ós rud é go bhféadfadh na critéir sin a bheith in ann a chinneadh an dócha go dtiocfaidh an Íoslainn chun bheith aitheanta nó cáiliúil mar áit tionscnaimh gheografaigh le haghaidh na n-earraí agus na seirbhísí atá i gceist. Is léir ó léamh foriomlán an chinnidh atá faoi chonspóid, go háirithe míreanna 146, 147 agus 176 de, gur aithin an tArd-Bhord Achomhairc ábharthacht gheilleagar na hÍoslainne (i dtéarmaí gnéithe cainníochtúla, amhail OTI, agus gnéithe cáilíochtúla araon) chun comhthacú lena chonclúid maidir le cumas na tíre sin raon leathan earraí agus seirbhísí a tháirgeadh agus a sholáthar agus maidir le cineál tuairisciúil an mhairc atá faoi chonspóid i dtuairim an phobail ábhartha. I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur léir ón gcásdlí go bhfuil OTI ábhartha agus saintréithe áite geografaí arna hainmniú leis an gcomhartha a n-iarrtar clárú ina leith á gcinneadh agus, dá bhrí sin, agus measúnú á dhéanamh ar an nasc atá ann idir na hearraí agus na seirbhísí a ainmnítear leis an gcomhartha sin agus an t-ainm geografach atá ainmnithe (féach, chuige sin, breithiúnas an 23 Feabhra 2022, *Govern d'Andorra* v *EUIPO (Andorra)*, T-806/19, nár foilsíodh, EU:T:2022:87, mír 65). Sa chás seo, is léir, thairis sin, ó mhíreanna 118, 127 agus 144 den chinneadh atá faoi chonspóid gur chuir an tArd-Bhord Achomhairc na léirithe eacnamaíocha ina n-iomláine san áireamh, i gcomhar leis na sonraí staidrimh a bhaineann le honnmhairí agus allmhairí na hÍoslainne.

40 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is gá an scrúdú sonrach a dhéanamh maidir le cibé ar ainmníodh nó nár ainmníodh leis an marc atá faoi chonspóid, i súile na haicme ábhartha daoine, tráth an iarratais ar chlárú, áit a bhí nasctha leis na catagóirí earraí agus seirbhísí lena mbaineann nó an raibh sé réasúnach glacadh leis go bhféadfaí nasc den sórt sin a bhunú sa todhchaí.

Na hearraí in Aicmí 29 agus 30 a ainmnítear leis an marc atá faoi chonspóid

41 Sa chéad áit, chinn an tArd-Bhord Achomhairc ní hamháin gur cleachtas coiteann sa trádáil é tionscnamh geografach earraí bia agus táirgí talmhaíochta a léiriú, go bunúsach, ach gur oibleagáid é freisin, i bhfianaise earraí áirithe, chun ardleibhéal cosanta do shláinte tomhaltóirí a áirithiú agus chun a gceart chun faisnéise a ráthú. Dá réir sin, is dócha go mbraithfeadh tomhaltóirí, a fheiceann ainm tíre ar na hearraí sin, é mar áit tionscnaimh agus ar bhealach tuairisciúil, fiú mura bhfuil clú ar an tír atá i gceist nó mura bhfuil aitheantas uirthi i leith táirge ar leith.

42 Sa dara háit, chinn an tArd-Bhord Achomhairc, cé go bhféadfadh an Íoslainn a bheith nasctha go príomha le hiasc, bia mara, feoil agus táirgí déiríochta, tháirg sí táirgí bia eile amhail torthaí, glasraí agus luibheanna. Thairis sin, d'fhéadfaí a bheith ag súil go réasúnta go mbeadh cumas táirgthe bia sách éagsúil ag tithe gloine, a théitear le fuinneamh geoiteirmeach. Ós rud é go dtógtar éanlaith chlóis agus go ndéantar uibheacha agus gránaigh a tháirgeadh, a phacáistiú agus a mhargú go coitianta san Eoraip, mheasfadh tomhaltóirí gur dócha go dtiocfaidh na táirgí sin ón Íoslainn. Is amhlaidh atá freisin maidir le saillte agus olaí inite agus, go háirithe, ola ráibe a d'fhéadfaí a fhás in aeráidí níos fuaire.

43 Sa tríú háit, chinn an tArd-Bhord Achomhairc, cé gur de bharr a nádúr féin, nár fásadh earraí áirithe in Aicme 30 san Íoslainn, amhail cócó, caife, tae, rís, ság agus taipióca, go bhféadfaí iad a phróiseáil ansin mar sin féin agus iad a chur in oiriúint don bhlas áitiúil.

44 Maíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, gur dhírigh an tArd-Bhord Achomhairc go mícheart, agus measúnú á dhéanamh aige ar an nasc idir na hearraí in Aicmí 29 agus 30 agus an t-ainm geografach atá i gceist, ar an bhfíoras gur tháirg an Íoslainn, go pointe áirithe, earraí bia, cé nach ionann na hearraí bia sin agus ach cuid íosta de na hearraí arna n-onnmhairiú ag an tír sin. Thairis sin, i gcás earraí 'coimhthíocha' áirithe, tá measúnuithe an Ard-Bhoird Achomhairc go hiomlán teoiriciúil agus neamhábhartha. Ina theannta sin, maíonn an t-iarratasóir nach bhfuil aon tionchar ag an oibleagáid dhlíthiúil chun an tír thionscnaimh a léiriú ar tháirge ar úsáid ainm na tíre sin mar thrádmharc.

45 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara go n-áirítear leis na hearraí in Aicmí 29 agus 30, a ainmnítear leis an marc atá faoi chonspóid, earraí bia, de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch, agus leachtanna atá ceaptha le haghaidh úsáid bia, ar le hearnáil an bhia iad go léir.

46 De réir an chásdlí, tá sé comhsheasmhach leis an ngnáthchleachtas i ndáil le táirgí agraibhia go bhfuil siad ainmnithe le téarma geografach a léiríonn, nó a d'fhéadfaí go léireodh sé, a dtionscnamh geografach (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2003, *Nordmilch* v *OHIM (OLDENBURGER)*, T-295/01, EU:T:2003:267, míreanna 42 go 45). Féadfar a mheas gur dócha go mbeidh tionscnamh geografach na n-earraí atá i gceist an-ábhartha, i súile an phobail ábhartha, chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht nó ar shaintréithe eile na n-earraí lena mbaineann, agus i bhfianaise cúinsí ginearálta sláinte, eacnamaíocha, comhshaoil, sóisialta nó eiticiúla freisin.

47 Ar an dara dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar is léir ó na doiciméid sa chomhad a bhaineann leis na himeachtaí riaracháin os comhair EUIPO, go dtáirgeann agus go n-onnmhairíonn an Íoslainn cineálacha éagsúla táirgí agraibhia, go háirithe iasc agus táirgí éisc, cineálacha éagsúla feola, táirgí déiríochta, torthaí agus glasraí. Go háirithe, is léir ó na doiciméid sin sa chomhad gur tháirg agus gur onnmhairigh an Íoslainn na hearraí sin idir 1999 agus 2014, is é sin le rá, le linn tréimhse réamhtheachtach agus iartheachtach ó dháta an iarratais ar chlárú an mhairc atá faoi chonspóid (féach, go háirithe, mír 127 den chinneadh atá faoi chonspóid, a thagraíonn do Bhliainleabhar Staidrimh na hÍoslainne 2015 agus do ráiteas Uachtarán na Roinne Trádála Eachtraí d'Oifig Staidrimh na hÍoslainne an 27 Eanáir 2016 maidir le honnmhairí na hÍoslainne chuig an Aontas Eorpach le linn na tréimhse ó 1999 go 2014).

48 Ina theannta sin, bhí sé de cheart ag an Ard-Bhord Achomhairc a dhearbhú, i mír 154 den chinneadh atá faoi chonspóid (féach mír 42 thuas), maidir le cuid de na hearraí eile atá i gceist, amhail éanlaith chlóis agus uibheacha, go bhféadfaí iad a thógáil agus a tháirgeadh ar fud na hEorpa agus, dá bhrí sin, go bhféadfaí iad a thógáil agus a tháirgeadh san Íoslainn freisin. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfaí saillte agus olaí inite, go háirithe ola ráibe, a tháirgeadh nó a fhás fiú in aeráidí níos fuaire, amhail san Íoslainn. Dá réir sin, ar an iomlán, féadfar na hearraí sin in Aicmí 29 agus 30, a ainmnítear leis an marc atá faoi chonspóid, a tháirgeadh, a phacáistiú agus a mhargú san Íoslainn agus a onnmhairiú chuig tíortha LEE.

49 Leanann sé gur tháirg an Íoslainn, ar dháta an iarratais ar chlárú an mhairc atá faoi chonspóid, raon leathan earraí in Aicmí 29 agus 30, a ainmnítear leis an marc atá faoi chonspóid, gur onnmhairigh sí na hearraí sin freisin agus gur dócha go dtáirgfeadh sí táirgí eile. I bhfianaise

cumas iarbhír nó fhéideartha na hÍoslainne na hearraí sin a tháirgeadh agus a onnmhairiú, ní mór a mheas, i gcás ina ndéantar ceann de na hearraí in Aicmí 29 agus 30 a mhargú faoin marc atá faoi chonspóid, go bhféadfaí a mheas gur de thionscnamh na tíre sin é. I ndáil leis sin, murab ionann agus an méid a mhaíonn an t-iarratasóir, ní féidir an tArd-Bhord Achomhairc a cháineadh toisc nár chuir sé san áireamh an fíoras a bhaineann le cion 'íseal' líomhnaithe de na hearraí bia arna n-onnmhairiú ag an Íoslainn. Fiú mura bhfuil onnmhairiú reatha earraí bia ag an Íoslainn ina chuid réasúnta mhór dá honnmhairí i gcoitinne, ní chaitheann líomhain den sórt sin amhras ar an nasc tuairisciúil idir an marc agus na hearraí in Aicmí 29 agus 30 a mhéid nach gcuirtear san áireamh leis dearcadh ionchasach ar an nasc is féidir a bhunú go réasúnta idir an marc atá faoi chonspóid agus na hearraí a chumhdaítear.

50 Ina theannta sin, a mhéid a chuireann an t-iarratasóir argóintí ar aghaidh i gcoinne nasc a bheith ann idir an marc atá faoi chonspóid agus feoil róin, ní mór a chur in iúl nach gcaitheann sé amhras ar an bhfíoras go dtáirgtear cineálacha eile feola, amhail mairteoil, caoireoil agus muiceoil, san Íoslainn agus, de réir na fianaise a cuireadh ar fáil le linn an nós imeachta riaracháin, go n-onnmhairíonn an Íoslainn iad. Dá bhrí sin, ní féidir lena argóint amhras a chaitheamh ar chineál tuairisciúil an mhairc atá faoi chonspóid maidir leis an gcatagóir níos leithne 'feoil' in Aicme 29.

51 Maidir le cócó, caife agus tae, in Aicme 30, is fíor, mar a mhaíonn an t-iarratasóir, nach bhfástar na hearraí sin, de bharr a nádúir féin, san Íoslainn agus nach dócha go bhfásfar iad amach anseo. Mar sin féin, mhaígh an tArd-Bhord Achomhairc mar is ceart, i míreanna 152 agus 155 den chinneadh atá faoi chonspóid, go bhféadfaí iad a phróiseáil agus a chur in oiriúint don bhlas áitiúil. Is léirithe ábhartha freisin iad na samplaí de roghnú tae ó Éirinn, ó Shasana nó ón Albain, áit nach bhfástar an táirge sin, a táirgeadh lena mhiondíol san Aontas Eorpach, ar a bhfuil an tArd-Bhord Achomhairc ag brath. Baineann na measúnuithe céanna le hearraí eile sna hAicmí atá i gceist, amhail siúcra, seacláid agus táirgí seacláide nó na táirgí torthaí éagsúla, a fhéadfar a fhás agus a thriomú, a stánú nó a phróiseáil ar bhealach eile san Íoslainn, go háirithe maidir le fraocháin ghorma, sméara dubha fiáine nó cuiríní (féach mír 152 den chinneadh atá faoi chonspóid).

52 Cé gur cheart líomhaintí an iarratasóra a thuiscint mar thagairt don easpa fianaise a chomhthacaíonn le cleachtas próiseála nó oiriúnaithe a bheith ann do roghanna áitiúla, san Íoslainn, earraí amhail cócó, caife nó tae agus earraí eile dá dtagraítear i mír 51 thuas, ní mór a mheas, mar sin féin, go raibh an fhéidearthacht sin fós réasúnach, i súile an phobail ábhartha. Go bunúsach, d'fhéadfadh an cineál táirge sin a bheith mar chuid de mhargaíocht ar leith, ag aibhsiú táirge ag a bhfuil luachanna blais atá oiriúnaithe don bhlas áitiúil nó do cháilíochtaí ar leith eile atá nasctha lena thionscnamh geografach.

53 Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh saintréithe a bheith ag na hearraí sin, chomh maith le hearraí áirithe eile in Aicmí 29 agus 30, amhail spíosraí, anlainn, citseap agus go leor earraí eile, tar éis iad a oiriúnú, a bhaineann go sonrach leis an Íoslainn ag féachaint, mar shampla, do na modhanna cóireála lenar féidir blasanna ar leith a aibhsiú agus a bhrath mar sin ag an bpobal ábhartha.

54 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór a chinneadh go raibh sé de cheart ag an Ard-Bhord Achomhairc a mheas go raibh an marc atá faoi chonspóid de chineál tuairisciúil i leith na n-earraí in Aicmí 29 agus 30.

Na seirbhísí in Aicme 35 a ainmnítear leis an marc atá faoi chonspóid

55 Tagraíonn na seirbhísí in Aicme 35, a ainmnítear leis an marc atá faoi chonspóid, ar an gcéad dul síos, go bunúsach, do mhiondíol i siopaí agus ar líne. Ar an dara dul síos, is seirbhísí fógraíochta, margaíochta agus cur chun cinn iad, mar aon le seirbhísí a bhaineann le heagrú agus le saothrú tráchtála gnóthais.

56 Mheas an tArd-Bhord Achomhairc, go bunúsach, go bhféadfaí an marc atá faoi chonspóid a úsáid mar thagairt don áit ónár soláthraíodh seirbhísí miondíola in Aicme 35 go ginearálta. Thairis sin, d'fhéadfadh an pobal ábhartha an marc sin a bhrath mar thagairt do cháilíocht shonrach na n-earraí a mhargaítear i gcomhthéacs na seirbhísí sin.

57 Maíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, nach dócha go dtiocfaidh na seirbhísí in Aicme 35 ón Íoslainn, i bhfianaise an dlúis íseal daonra agus na críche atá do-áitrithe den chuid is mó, rud a fhágann nach féidir slabhra siopaí bia a choinneáil ar bun. Thairis sin, cuireann an t-iarratasóir i dtábhacht nach ndéanann an Íoslainn aon seirbhísí miondíola a 'onnmhairiú'.

58 Mar réamhphointe, cé nach gcuireann na páirtithe ina choinne sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, i mír 160 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur mheabhraigh an tArd-Bhord Achomhairc gur 'nach mór seirbhísí miondíola' iad na seirbhísí lena mbaineann. I mír 161 den chinneadh sin, rinne an Bord Achomhairc anailís ar an nasc idir na seirbhísí sin agus an t-ainm geografach atá i gceist, ag tagairt go sainráite do 'asraonta miondíola'. Mar sin féin, i míreanna 162 go 164 den chinneadh sin, agus anailís á déanamh ar an nasc sin, rinne sé neamhaird ar na seirbhísí dá dtagraítear go sainráite, agus tagairt á déanamh, go bunúsach, do 'na catagóirí seirbhísí a ainmnítear leis an marc atá faoi chonspóid' (mír 162), 'do sheirbhísí' nó 'na seirbhísí sin' (mír 163), 'seirbhísí a chumhdaítear leis an marc atá faoi chonspóid' agus 'na seirbhísí lena mbaineann' (mír 164), na míreanna sin den chinneadh atá faoi chonspóid ina luaitear freisin breithiúnas an 20 Iúil 2016, *Internet Consulting* v *EUIPO – Provincia Autonoma di Bolzano-Alto Adige (SUEDTIROL)* (T-11/15, EU:T:2016:422), a bhain, go bunúsach, le seirbhísí bainistíochta gnó agus riaracháin.

59 Dá bhrí sin, cé nár thagair an tArd-Bhord Achomhairc go sainráite, ina réasúnaíocht, do sheirbhísí fógraíochta, margaíochta agus cur chun cinn agus do sheirbhísí a bhaineann le heagrú agus le saothrú tráchtála gnóthais, leanann sé as léamh foriomlán na bhforas a leagtar amach i míreanna 162 go 164 den chinneadh atá faoi chonspóid nach mór a thuiscint go gcumhdaítear leo na seirbhísí uile a ainmnítear leis an marc atá faoi chonspóid agus ní hamháin na seirbhísí sin a bhaineann le miondíol. Go bunúsach, níl na breithnithe a bhaineann le cáilíochtaí sonracha na seirbhísí, a bhféadfaí tuairisc a thabhairt orthu leis an ainm geografach 'an Íoslainn' sa mhéid is go bhfuil siad, 'mar shampla, oiriúnaithe do riachtanais shonracha gnóthas atá ag feidhmiú sa réigiún sin, a bhfuil comhthéacs polaitiúil, riaracháin agus teanga ar leith mar shaintréith acu', infheidhme, i bprionsabal, ach amháin maidir le, go bunúsach, seirbhísí fógraíochta, margaíochta agus cur chun cinn, agus seirbhísí a bhaineann le heagrú agus le saothrú tráchtála gnóthais, go háirithe ós rud é go dtagraíonn an ráiteas sin don phobal gairmiúil dá bhfuil na seirbhísí sin beartaithe.

60 In aon chás, in éagmais argóintí ón iarratasóir agus INTA maidir leis an measúnú ar an nasc a bheidh ann sa todhchaí idir na seirbhísí dá dtagraítear i míreanna 58 agus 59 thuas agus an t-ainm geografach arna ainmniú ag an marc atá faoi chonspóid, díreoidh anailís reatha na Cúirte Ginearálta ar an measúnú sin ag féachaint do na seirbhísí miondíola amháin, go bunúsach, agus don ainm geografach atá i gceist.

61 Ní mór a chur in iúl go mbaineann na seirbhísí miondíola a ainmnítear leis an marc atá faoi chonspóid le hearraí bia, deochanna agus earraí tí, a tháirgtear iad uile san Íoslainn. Thairis sin, d'fhéadfadh sé go n-áirítear leis sin táirgí, amhail iasc, bia mara nó táirgí mara eile, nach gcuireann an t-iarratasóir ina gcoinne gurb eol gurb í an Íoslainn an tír thionscnaimh.

62 Maidir le hargóintí an iarratasóra maidir le neamhonnmhairiú na seirbhísí a ainmnítear leis an marc atá faoi chonspóid agus maidir le heaspa clú na hÍoslainne i leith na seirbhísí sin agus maidir leis na hargóintí lena líomhnaítear go gcuireann méid dhaonra na hÍoslainne cosc ar chumas na tíre sin slabhra siopaí bia a choinneáil ar bun, ní féidir go n-éireoidh leo, ar na cúiseanna céanna a leagtar amach i míreanna 37 agus 38 thuas, gan, thairis sin, idirdhealú de réir thábhacht dhéimeagrafach na háite geografaí atá i gceist a bheith ábhartha. Tá sé réasúnta a mheas, i gcás ina bhfuil baint ag na seirbhísí atá i gceist leis an marc atá faoi chonspóid, go mbraithfear iad a bheith á soláthar i siopaí atá suite sa tír sin.

63 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh sé de cheart ag an Ard-Bhord Achomhairc a mheas go raibh an marc atá faoi chonspóid de chineál tuairisciúil i leith na seirbhísí in Aicme 35.

Líomhaintí trasearnálacha áirithe ón iarratasóir agus INTA

64 Ní féidir le haon cheann d'argóintí eile an iarratasóra agus INTA cinneadh an Ard-Bhoird Achomhairc maidir le cineál tuairisciúil an mhairc atá faoi chonspóid i leith na n-earraí agus na seirbhísí a chumhdaítear leis a chur ó bhail.

65 Ar an gcéad dul síos, maíonn an t-iarratasóir agus INTA go ndearna an tArd-Bhord Achomhairc earráid dlí nuair a mheas siad, go bunúsach, gur gá go dtiocfaidh clárú ainmneacha na dtíortha faoi raon feidhme dearbhfhorais le diúltú dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(c) agus (f) de Rialachán Uimh. 207/2009, beag beann ar na hearraí nó na seirbhísí lena mbaineann.

66 Mar sin, ní mór a lua go n-eascraíonn líomhain den sórt sin as míléamh ar an gcinneadh atá faoi chonspóid. Mar is léir ó léamh foriomlán an chinnidh sin, go háirithe míreanna 94 go 214 de, rinne an tArd-Bhord Achomhairc anailís mhionsonraithe ar chineál tuairisciúil an mhairc atá faoi chonspóid i bhfianaise na n-earraí agus na seirbhísí go léir atá i gceist.

67 Ar an dara dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara, murab ionann agus an méid a mhaíonn an t-iarratasóir, nach dtugann tíopagrafaíocht ná dath an mhairc atá faoi chonspóid éifeacht neamhghnách ná shuntasach dó. Go bunúsach, léirítear gné focail an mhairc sin i gcló litreacha bána caighdeánacha, gan aon sainiúlacht thíopagrafaíoch. Cé gur fíor go bhfuil sé curtha ar chúlra dronuilleogach dearg, oráiste agus buí, a dtugann a n-éifeacht bhuí agus oráiste le tuiscint go bhfuil cuma beagán tréigthe air, tá an cúlra daite, go háirithe in oráiste agus buí, go bunúsach, coitianta san fhógraíocht nó ar phacáistíocht, agus mar thoradh air sin measann an tomhaltóir gur gné mhaisiúil é.

68 Sna himthosca sin, bhí sé de cheart ag an Ard-Bhord Achomhairc a chinneadh nach raibh i gceist le heilimintí fíortha an mhairc atá faoi chonspóid ach gné focail an mhairc sin a thabhairt chun suntais agus nár athraigh siad ar bhealach ar bith an t-ábhar tuairisciúil arna chur in iúl leis an ngné dheireanach sin.

69 Ar an tríú dul síos, maidir le hargóint an iarratasóra go bhfágann Airteagal 12(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 (Airteagal 14(b) de Rialachán 2017/1001 anois) gur féidir úsáid an ainm 'Iceland' a áirithiú d'eintitis na hÍoslainne, ba cheart a thabhairt faoi deara gurb í seo a leanas an fhoclaíocht san fhoráil sin, dar teideal 'Teorainn a chur le héifeachtaí trádmhairc [de chuid an Aontais Eorpaigh]':

'Ní bheidh an dílseánach i dteideal, mar gheall ar na cearta arna dtabhairt le trádmharc [de chuid an Aontais Eorpaigh], cosc a chur ar thriú páirtí úsáid a bhaint as an méid seo a leanas i gcúrsa trádála:

[...]

(b) sonrúcháin a bhaineann le cineál, cáilíocht, cainníocht, cuspóir beartaithe, luach, tionscnamh geografach, am táirgeachta na n-earraí nó sholáthar na seirbhíse, nó tréithe eile na n-earraí nó na seirbhísí;

[...]

ar choinníoll go mbaineann an tríú páirtí úsáid astu i gcomhréir le cleachtais mhacánta in ábhair thionsclaíocha nó thráchtála.'

70 Is é is aidhm don fhoráil dá dtagraítear i mír 69 thuas, *inter alia*, na fadhbanna a réiteach a thagann chun cinn i gcás clárú trádmharc atá comhdhéanta go hiomlán nó go páirteach d'ainm geografach agus nach dtugann sé an ceart do thríú páirtithe ainm den sórt sin a úsáid mar thrádmharc, ach ní áirithíonn sí ach an ceart go bhféadfaidh siad é a úsáid ar bhealach tuairisciúil, eadhon mar léiriú ar thionscnamh geografach, ar choinníoll go n-úsáidtear é i gcomhréir le cleachtais mhacánta in ábhair thionsclaíocha nó thráchtála (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 4 Bealtaine 1999, *Windsurfing Chiemsee*, C-108/97 agus C-109/97, EU:C:1999:230, míreanna 26 go 28).

71 Murab ionann agus an méid is cosúil go bhfuil an t-iarratasóir ag moladh, ós rud é go n-áirithítear le hAirteagal 12(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 go bhféadfaidh aon oibreoir eacnamaíoch léirithe a bhaineann le saintréithe earraí agus seirbhísí a úsáid gan bhac, ní áirithítear leis sin go gcosnaítear leas an phobail atá mar bhunús le hAirteagal 7(1)(c) den Rialachán sin. Os a choinne sin, léirítear leis an bhfíoras sin an leas go gcuirtear an dearbhfhoras le diúltú a leagtar amach in Airteagal 7(1)(c) de Rialachán Uimh. 207/2009 i bhfeidhm go hiarbhír ar aon chomhartha a d'fhéadfadh saintréith na n-earraí nó na seirbhísí dá bhfuil an marc cláraithe a ainmniú (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Márta 2011, *Agencja Wydawnicza Technopo*l v *OHIM*, C-51/10 P, EU:C:2011:139, mír 61 agus an cásdlí dá dtagraítear). Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'argóint an iarratasóra toisc í a bheith gan bhunús.

72 Ar an gceathrú dul síos agus ar deireadh, is cosúil go gcáineann an t-iarratasóir an tArd-Bhord Achomhairc as diúltú, toisc é a bheith neamh-inghlactha, don suirbhé a tarraingíodh suas an 2 Lúnasa 2019, lena gcuirtear san áireamh na hagallaimh teileafóin a rinneadh i mí an Mheithimh 2019.

73 Mar sin féin, ar léamh comhcheangailte, go háirithe, de mhíreanna 137, 138, 157 agus 196 den chinneadh atá faoi chonspóid, ba cheart a thabhairt faoi deara nach í an cheist maidir le hinghlacthacht an tsuirbhé a rinneadh an 2 Lúnasa 2019, ach an cheist maidir lena luach cruthúnais a rinne an tArd-Bhord Achomhairc anailís uirthi.

74 Thairis sin, fiú dá nglacfaí leis go bhfuil sé d'aidhm ag an iarratasóir cur i gcoinne an mheasúnaithe ar chineál fianaiseach an tsuirbhé sin, is leor a thabhairt faoi deara nach mbaineann sé aon iarmhairt nithiúil a bheadh ag an suirbhé sin maidir leis an measúnú ar chineál tuairisciúil an mhairc atá faoi chonspóid. In aon chás, mar a mheas an tArd-Bhord Achomhairc i gceart i mír 157 den chinneadh atá faoi chonspóid, ní tástáil dhosháraithe ná leordhóthanach é a iarraidh ar na daoine a rinneadh suirbhé orthu cad iad na hearraí a thagann ar a n-aire agus iad ag breathnú ar an marc atá faoi chonspóid chun measúnú a dhéanamh ar chineál tuairisciúil an mhairc sin amháin, ós rud é nach mór an measúnú sin a dhéanamh i gcónaí agus na hearraí agus na seirbhísí a chumhdaítear leis an marc sin á gcur san áireamh (féach an cásdlí dá dtagraítear i mír 23 thuas)

75 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór diúltú don chéad saincheist dlí.

An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009

76 Lena dara saincheist dlí, áitíonn an t-iarratasóir, le tacaíocht ó INTA, go bunúsach, gur sháraigh an Bord Achomhairc Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009.

77 Cuireann EUIPO agus Icelandic Trademark Holding i gcoinne argóintí an iarratasóra agus INTA.

78 Ós rud é gur léir ó Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 207/2009 gur leor go bhfuil feidhm ag ceann de na dearbhfhorais le diúltú a liostaítear ann ionas nach féidir an comhartha a chlárú mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh, agus i bhfianaise an diúltaithe do chéad saincheist dlí an iarratasóra, maidir le conclúid an Ard-Bhoird Achomhairc go raibh feidhm ag Airteagal 7(1)(c) den Rialachán sin chun a dhearbhú go bhfuil an marc atá faoi chonspóid neamhbhailí i leith na n-earraí agus na seirbhísí go léir a ainmníonn sé, ní gá scrúdú a dhéanamh ar bhunús dhara saincheist dlí an iarratasóra, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 7(1)(b) den Rialachán sin.

79 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór diúltú don dara saincheist dlí agus, dá bhrí sin, diúltú don chaingean ina hiomláine.

Costais

80 Faoi Airteagal 134(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis.

81 Ós rud é gur tharla éisteacht agus nár éirigh leis an iarratasóir, ní mór a ordú dó na costais a íoc, i gcomhréir leis an ordú atá á lorg ag EUIPO agus ag Iceland Trademark Holding.

82 Ordaítear do INTA a chostais féin a íoc i gcomhréir le hAirteagal 138(3) de na Rialacha Nós Imeachta.

Ar na forais sin,

dearbhaíonn agus rialaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Seachtú Dlísheomra)

mar seo a leanas:

1. **Diúltaítear don chaingean.**

2. **Ordaítear do Iceland Foods Ltd a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) agus Icelandic Trademark Holding ehf a íoc.**

3. **Ordaítear do International Trademark Association (INTA) a chostais féin a íoc.**

Kowalik-Bańczyk Buttigieg Dimitrakopoulos

Arna thabhairt i gcúirt oscailte i Lucsamburg an 16 Iúil 2025.

Sínithe